



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2017

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Oideachas Reiligiúnach

Gnáthleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Réamhrá Ginearálta

Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Gnáthleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronnar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith. In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh. Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais. Níl na tuairiscí ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Más rud é go bhfuil tú neamhchinnte faoi bhailíocht freagra mhalartaigh, téigh i gcomhairle le do scrúdaitheoir comhairleach.

NÍ MÓR DON IARRTHÓIR **DHÁ CHEANN** DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

CEIST 1. BRÍ NA BEATHA A CHUARDACH

Freagair a) agus b).

1 1 a) Déan cur síos ar shampla amháin den chaoi a mbaineann daoine aonair nó grúpaí sa lá atá inniu ann úsáid as siombail chun brí na beatha a chur in iúl. 20M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármaith tuiscint ar chumhacht na teanga siombalaí trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a mbaineann daoine aonair nó grúpaí sa lá atá inniu ann úsáid as siombail chun a dtuiscint ar bhrí na beatha a chur in iúl.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- Daoine aonair — e.g. is siombail iad na fáinní i searmanas pósta go bhfaigheann na daoine aonair atá i gceist brí ina gcaidreamh síoraí, etc.
- Grúpaí — e.g. baineann creidmhigh reiligiúnacha úsáid as siombail chun a bhfreagairt d'fhoilsiú ó Dhia a chur in iúl, e.g. úsáid as slimarán i mbéile Seder, etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Mura dtugann iarrthóir cuntas ar an gcaoi a mbaineann daoine aonair nó grúpaí úsáid as siombail – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
20 > 17	16 > 14	13 > 11	10 > 8	7 > 5	4 > 2	1 > 0	20M

1 1 b) Mínigh conas a léirítear cuardach an duine ar bhrí na beatha sna príomhghnéithe de dhéantán amháin ar féidir é a rianú siar go dtí pobal daoine a mhair i sochaí ársa. 20M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármaith tuiscint ar chuardach an duine ar bhrí na beatha trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a léirítear cuardach an duine ar bhrí na beatha sna príomhghnéithe de dhéantán a rinne pobal daoine a mhair i sochaí ársa.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- Deilbhíní de Véineas — cuireann cur na ndeilbhíní seo inar léiríodh mná torthúla le taisí daonna dóchas faoi athbhreith i ndiaidh an bháis in iúl, etc.
- Ailíniú an dumha adhlactha i Sí an Bhrú, Contae na Mí, leis an ngrian ag grianstad an gheimhridh — b'fhéidir go raibh daoine ar lorg an dóchais nach gcloífeadh an dorchadas agus ag an mbás an ghrian, etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Má thugann iarrthóir cuntas cruinn ar an gcaoi a léirítear cuardach an duine ar bhrí na beatha i ndéantán a rinne pobal daoine nach mbaineann le cultúr ársa – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
20 > 17	16 > 14	13 > 11	10 > 8	7 > 5	4 > 2	1 > 0	20M

1 2 a) Tabhair sampla amháin den chaoi ar féidir an t-ildiachas a fheiceáil i gcreidiúintí mór-reiligiúin dhomhanda amháin. . 20M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an ildiachas trí eolas cruinn a leagan amach faoin gcaoi ar féidir an creideamh i mórán déithe a fheiceáil i mór-reiligiún domhanda amháin.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- Creidtear i mórán déithe sa Hiondúchas, i.e. Bráma, Dia an Cruthaitheoir; Visniú, an Dia a chaomhnaíonn an bheatha; Síve, an Dia a scriosann an domhan. Seasann an Tríonóid Hiondúch seo do thimthriall an chruthaithe, an chaomhnaithe agus an scriosta, etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Má leagann iarrthóir eolas cruinn amach faoin gcaoi ar féidir an creideamh i mórán déithe a fheiceáil i dtraidisiún nach mór-reiligiún domhanda é – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
20 > 17	16 > 14	13 > 11	10 > 8	7 > 5	4 > 2	1 > 0	20M

1 2 b) ♦ AN CHRÍOSTAÍOCHT ♦ AN tIOSLAMACHAS ♦ AN GIÚDACHAS
Mínigh cén fáth a bhfuil baint ag an ildiachas le scéal bunaidh aon cheann amháin de na reiligiúin dhomhanda thuas. 20M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an ildiachas trí fháth cruinn amháin nó níos mó a thabhairt a bhfuil baint ag an gcreideamh i mórán déithe le scéal bunaidh na Críostaíochta nó an Ioslamachais nó an Ghiúdachais.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- An Chríostaíocht — Rinne Íosa seanmóireacht faoi thuiscint aondíach ar Dhia do dhaoine a raibh cur amach acu ar chultúr ildíach, e.g. Leigheas Iníon an Oifigigh Rómhánaigh, etc.
- An tIoslamachas — Bhain Mahamad íomhánna de mhórán déithe den Ka'ba agus bhunaigh sé an tIoslamachas mar reiligiún aondíach, etc.
- An Giúdachas — Tugann na Deich nAitheanta/cúnant Mhaois le Dia le fios go mbíodh daoine ag tabhairt adhradh do mhórán déithe, etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
20 > 17	16 > 14	13 > 11	10 > 8	7 > 5	4 > 2	1 > 0	20M

1 3 a) ♦AN BÚDACHAS ♦AN CHRÍOSTAÍOCHT ♦AN HIONDÚCHAS ♦AN TÍOSLAMACHAS ♦AN GIÚDACHAS
Mínigh an chaoi a bhfuil impleachtaí ag an tuiscint ar Dhia/na déithe/
an tarchéimnitheach i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda thuas do
na luachanna morálta atá ag a gcuid ball sa lá atá inniu ann. 20M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármaith tuiscint ar luachanna morálta reiligiúnacha trí chuntas cruinn a thabhairt ar an tionchar atá ag an tuiscint ar Dhia/na déithe/an tarchéimnitheach, i gceann amháin de na reiligiúin dhomhanda a liostaítear sa cheist, ar thuairim a gcuid ball faoi cad atá ceart agus mícheart sa lá atá inniu ann.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- An Búdachas — is féidir le sampla na *Bodhisattvas* (daoine a fuair léargas ach a roghnaigh an t-athionchollú ar mhaithe le fulaingt a mhaolú ar domhan) tabhairt ar Bhúdaithe tréanarracht a dhéanamh le trua, críonnacht agus deabhóid do theagasc an Bhúda a bhaint amach ina saol laethúil, etc.
- An Chríostaíocht — an sampla maidir le beatha, bás agus aiséirí Íosa Nazórach; tionchar ar thuairim na gcreidmheach faoi cad atá ceart agus mícheart, etc.
- An Hiondúchas — meastar gur léirithe ar Bhráman iad na déithe éagsúla agus déanann na creidmhigh a ndícheall maireachtáil mar is ceart d'fhonn Moksha a bhaint amach – aontas agus síocháin iomlán le dia, etc.
- An tÍoslamachas — mar gheall ar an gcreideamh in Allah, atá atruach agus trócaireach, tugtar ar chreidmhigh trua a bheith acu freisin, go háirithe do na boicht agus dóibh siúd atá ar an anás, e.g. an Zakat, etc.
- An Giúdachas — tuigtear go bhfuil Dia uilechumhachtach agus gur fuascailteoir é, go leagann sé amach nach mór a bheith dílis de réir an Chúnaint agus na nDeich nAitheanta; táthar ag súil go ligfidh na creidmhigh don domhan teacht chun cinn de réir mhian Dé, e.g. Ná déan marú, etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
20 > 17	16 > 14	13 > 11	10 > 8	7 > 5	4 > 2	1 > 0	20M

1 3 b) Mínigh an chaoi a bhfuil baint ag luachanna de chuid mór-reiligiúin dhomhanda leis na luachanna a chuirtear chun cinn sa tsochaí shaolta sa lá atá inniu ann. 20M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármaith tuiscint ar luachanna trí fhéachaint go grinn ar an gcaoi a bhfuil baint ag na luachanna de chuid mór-reiligiúin dhomhanda leis na luachanna a chuirtear chun cinn sa tsochaí shaolta sa lá atá inniu ann.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- An tÍoslamachas — is ionann an chaoi a gcabhraíonn Zakat (ina dtugtar tabhartais do charthanais gach bliain) leo siúd atá ar an anás i bpobal agus an obair a dhéanann eagraíochtaí carthanachta ar son na mbocht sa tsochaí shaolta sa lá atá inniu ann.
- An Chríostaíocht — féadfaidh an luach a chuirtear ar thrua, ar chuimsiú agus ar chúram na mbocht i dteagasc Íosa dul i gcoinne na luachanna sa chultúr saolta, áit a spreagtar an t-ábharachas agus an saibhreas, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
20 > 17	16 > 14	13 > 11	10 > 8	7 > 5	4 > 2	1 > 0	20M

AONAD A DÓ

NÍ MÓR DO NA HIARRTHÓIRÍ DHÁ CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMEARTHACHA

Freagair a), b) agus c).

2 B a) ● AN CHORAINT ● FILIPE ● TEASALOINICÉ

Déan cur síos ar conas mar a bhí an gnáthshaol ag daoine a mhair i gceann amháin de na háiteanna thuas sa ré Réamh-Chríostaí. 20M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar luathphobal Críostaí trí chuntas cruinn a thabhairt ar conas mar a bhí an gnáthshaol sular bunaíodh an Chríostaíocht i gceann amháin de na háiteanna a liostaítear sa cheist.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- An Choraint – cathair eacnamaíoch faoi rath; thaistealaíodh an dúrud daoine tríd an gcathair, etc.
- Filipe – ba Ghintlithe (neamh-Ghiúdaigh) iad formhór na ndaoine sa chathair; ba mhinic a dhéantaí leithcheal agus géarleanúint ar phobal beag na nGiúdach, etc.
- Teasaloinicé – bhí an áit seo suite ar phríomh-thrádbhealach agus ba ghnách le trádálaithe agus le daoine ó chultúir dhifriúla teacht le chéile inti chun earraí agus tuairimí a mhalartú, etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
20 > 17	16 > 14	13 > 11	10 > 8	7 > 5	4 > 2	1 > 0	20M

2 B b) **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí ina raibh ar Chríostaithe teacht isteach ar stíl mhaireachtála eile nuair a bunaíodh pobal Críostaí san áit a ndearna tú cur síos uirthi i gcuid a) thuas. 30M (15Mx2)**

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na chéad phobail Chríostaí trí eolas cruinn a leagan amach faoin tslí ina raibh ar na chéad Chríostaithe teacht isteach ar stíl mhaireachtála eile nuair a bunaíodh pobal den chéad uair san áit a ndearnadh cur síos uirthi i gcuid a) den cheist.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- An Choraint – iarrtar grá, roinnt agus aontacht sa Chríostaíocht ach ba dheacair an méid sin a léiriú i sochaí a bhí deighilte ó thaobh an gheilleagair agus an chultúir de; chruthaigh ithe feola deacrachtaí sa phobal agus b'éigean do na Luath-Chríostaithe a gcuid tuairimí a athrú ionas go mbeidís in ann feidhmiú mar phobal, etc.
- Filipe – b'éigean dóibh teacht isteach ar stíl mhaireachtála eile agus bhí orthu an ghéarleanúint a rinne Gintlithe neamhchreidmheacha orthu a shárú; bhí tuairimí difriúla ina bpobal féin maidir le comhlíonadh dhlí na nGiúdach, etc.
- Teasaloinicé – b'éigean dóibh teacht isteach ar stíl mhaireachtála eile de thoradh géarleanúna sa chathair; ba dheacair dóibh a gcreideamh in ateacht Íosa a léiriú ina saol laethúil Críostaí, etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
15 > 13	12 > 11	10 > 9	8 > 6	5 > 4	3 > 2	1 > 0	15Mx2

2 B c) ● NA HEISÉANAIGH ● NA FAIRISÍNIGH ● NA SADÚCAIGH ● NA DÍOGRAISEOIRÍ

Cuir i gcomparáid an tslí inar fhreagair dhá cheann de na grúpaí thuas do riail na Róimhe sa Phalaistín in aimsir Íosa Nazórach. 30M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an bPalaistín in aimsir Íosa trí chuntas cruinn a thabhairt ar chosúlacht agus/nó difríocht sa tslí inar fhreagair dhá cheann de na grúpaí a liostaítear sa cheist do riail na Róimhe sa Phalaistín in aimsir Íosa Nazórach.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- Ní raibh na Fairisínigh ná na Sadúcaigh ar son riail na Róimhe; chreid an dá ghrúpa gur cheart go mbeadh a gceannaire féin ag muintir Iosrael agus go leanfaidís dlíthe an Chúnaint, etc.
- D'imigh na hEiséanaigh leo go dtí an fásach agus ní raibh siad sásta plé le riail na Róimhe. Chuaigh na Diograiseoirí chun troda leis na Rómhánaigh ar mhaithe le pobal na nGiúdach a shaoradh ó riail eachtrach, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
30 > 26	25 > 21	20 > 17	16 > 12	11 > 8	7 > 3	2 > 0	30M

ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA Freagair a), b) agus c).

2 C a) ● MANA ● GEIS ● TÓTAM ● SEAMAN

Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le haon dá cheann de na gnéithe thuas de reiligiún príomhúil. 20M (10Mx2)

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chreideamh reiligiúnach trí eolas cruinn a leagan amach faoina bhfuil i gceist le haon dá cheann de na gnéithe de reiligiún príomhúil a liostaítear sa cheist.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- Mana – an creideamh go mbíonn roinnt daoine/áiteanna/nithe neadaithe leis an gcumhacht a thagann as gaol le déithe agus le sinsir, e.g. bíonn Mana a bpobail i dtaoisigh threibhe, etc.
- Geis – an creideamh go mbíonn daoine/míreanna/áiteanna áirithe seasta amach chun a bheith mar mheán do chumhacht shaol na spiorad, etc.
- Tótam — rud sa nádúr atá ina shiombail ar eisint spioradálta grúpa aonair; a cheanglaíonn le sinsir spioradálta, etc.
- Seaman — duine a fhaigheann tabhartais óna shinsir le hoidhreacht; idirghabhálaí beo idir an cine daonna agus na spioraid; ceannairí spioradálta a bhfuil ról fáithe agus/nó leighis acu, etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
10 > 9	8 > 7	6	5 > 4	3 >	2 >	1 > 0	10Mx2

2 C b) Mínigh conas is féidir tionchar reiligiúin phríomhúil a fheiceáil i mór-reiligiún domhanda a ndearna tú staidéar air. 30M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chreideamh reiligiúnach trí chuntas cruinn a thabhairt ar conas is féidir tionchar reiligiúin phríomhúil a fheiceáil i mór-reiligiún domhanda.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- An Hiondúchas — is féidir creideamh reiligiúin phríomhúil i ndéithe ar leith a smachtaíonn gnéithe sonracha den dúlra (i.e. báisteach, barra, agus toirneach) a fheiceáil sa chreidiúint Hiondúch go mbaineann déithe éagsúla le gnéithe éagsúla den saol, etc.

- An Chríostaíocht — chuir Naomh Pádraig cleachtais reiligiúin phríomhúil na réamh-Chríostaíochta in oiriúint do cheiliúradh an chreidimh Chríostaí, e.g. oilithreacht Chruach Phádraig, etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Má leagann iarrthóir eolas cruinn amach faoi conas is féidir tionchar reiligiúin phríomhúil a fheiceáil i dtraidisiún nach mór-reiligiún domhanda é – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
30 > 26	25 > 21	20 > 17	16 > 12	11 > 8	7 > 3	2 > 0	30M

**2 C c) Roghnaigh reiligiún domhanda amháin as *Liosta A* agus reiligiún domhanda amháin as *Liosta B* thíos: *Liosta A*: ♦ AN CHRÍOSTAÍOCHT ♦ AN GIÚDACHAS
Liosta B: ♦ AN BÚDACHAS ♦ AN HIONDÚCHAS ♦ AN TIOSLAMACHAS**

Cuir i gcomparáid conas a bhreathnaítear ar an duine daonna sa teagasc i ngach ceann de na reiligiúin dhomhanda a roghnaigh tú thuas. 30M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar mhór-reiligiúin dhomhanda trí chuntas cruinn a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó na difríochtaí sa chaoi a mbreathnaítear ar an duine daonna sa teagasc i mór-reiligiún domhanda amháin i *liosta A* agus i mór-reiligiún domhanda amháin i *liosta B* sa cheist.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- Breathnaítear ar an duine daonna ar an mbealach céanna sa Chríostaíocht agus sa Bhúdachas – táthar ag súil sa dá reiligiún go leanfaidh na creidmhigh sampla an bhunaitheora agus go mbeidh trua acu; sa Ghiúdachas agus san Ioslamachas – creidtear sa dá reiligiún go gcaithfidh daoine a bheith dílis agus umhal do Dhia amháin, etc.
- Ní bhreathnaítear ar an duine daonna ar an mbealach céanna sa Hiondúchas agus sa Chríostaíocht – maidir leis an Hiondúchas, tuigtear go gcaithfidh duine timthriall athbheirthe a chur de/di sula mbeidh sé/sí in ann foirfeacht nó aontas iomlán le Bráman iontach a bhaint amach; maidir leis an gCríostaíocht, tuigtear go slánófar duine ach déanamh de réir Íosa Críost, etc.
- Etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
30 > 26	25 > 21	20 > 17	16 > 12	11 > 8	7 > 3	2 > 0	30M

ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH Freagair a), b) agus c).

2 D a) Tabhair breac-chuntas ar ar mhúin Íosa ina chuid seanmóireachta dá lucht leanúna faoina bhfuil i gceist le 'caidreamh cuí'. 20M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar mhoráltacht na Críostaíochta trí eolas cruinn a leagan amach faoi sheanmóireacht Íosa i dtaobh 'caidreamh cuí'.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- Déanann Íosa achoimre ar an Dlí sa tSeanmóir ar an Sliabh/ar an Talamh Réidh: 'nithe ar bith ab áil libh daoine a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh: sin é an dlí agus na fáithe', etc.
- Ina chuid seanmóireachta dúirt Íosa dá gcaithfí saol grá go gcuirfí Réimeas Dé i gcríoch i ndeireadh na dála, etc.
- Etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
20 > 17	16 > 14	13 > 11	10 > 8	7 > 5	4 > 2	1 > 0	20M

- 2 D b) ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS**
Roghnaigh dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda thuas agus tabhair breac-chuntas ar a múintear iontu araon mar phrionsabal faoina bhfuil ceart agus mícheart.
30M (15Mx2)

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar dhearcthaí neamh-Chríostaí ar an moráltacht trí eolas cruinn a leagan amach faoi chaighdeán bunúsach eiticiúil nó faoi bhreithiúnas ar iompar ceart in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda a liostaítear sa cheist.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- An Búdachas – Luaitear sna 'Cúig Fhoraithe' nár cheart go ndéanadh daoine díobháil do chréatúir bheo; nár cheart go nglacfaí rud nach bhfuil tugtha, etc.
- An Hiondúchas – tá bunphrionsabal ann gan díobháil a dhéanamh d'aon neach d'aon turas, e.g. 'Is é seo bun agus barr an dualgais; ná caith le haon duine eile i slí a ghoillfeadh ortsa dá gcaithfí ar an gcuma sin leatsa', etc.
- An tIoslamachas – Déantar tagairt i 'gCúig Cholún Ioslam' do dhualgas i leith na halmsóireachta, i.e. tugtar cuid de shaibhreas duine dóibh siúd sa phobal atá i ngátar (Zakat), etc.
- An Giúdachas – Leagtar amach sa Tóra dualgais shonracha éagsúla ar son na mbocht, etc.

Códaigh MCx2 san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
15 > 13	12 > 11	10 > 9	8 > 6	5 > 4	3 > 2	1 > 0	15Mx2

- 2 D c) ● PIONÓS AN BHÁIS ● DÚSHAOTHRÚ PÁISTÍ ● SCLÁBHAÍOCHT**
Scrúdaigh an chaoi a bhfuil athrú tagtha sa smaointeoireacht ó Ré na hEagnaíochta anon faoina bhfuil ceart agus mícheart i dtaca le ceann amháin de na gnéithe thuasluaite. 30M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an moráltacht trí fhéachaint go grinn ar an gcaoi a bhfuil athrú tagtha sa smaointeoireacht ó Ré na hEagnaíochta ar an tuiscint faoina bhfuil ceart agus mícheart i dtaca le ceann amháin de na gnéithe a liostaítear sa cheist.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- PIONÓS AN BHÁIS — leagtar béim sa mhodh eolaíoch ar úsáid na fianaise, e.g. mar gheall ar thaighde inar léiríodh nach raibh pionós an bháis ina dhíspreagadh, d'athraigh daoine a n-intinn faoina úsáid, etc.
- DÚSHAOTHRÚ PÁISTÍ — bhí na tuairimí i Ré na hEagnaíochta faoi chearta an duine ina mbunús le tuiscint nua ar chearta an pháiste, e.g. cuireadh teorainn leis an gcineál oibre a d'fhéadfadh páistí a dhéanamh, etc.
- SCLÁBHAÍOCHT — bhí na tuairimí faoin gcomhionannas a tháinig chun cinn le linn Ré na hEagnaíochta ina mbunús leis an tuiscint go gcaithfí aird a thabhairt ar shaoirse gach duine; tuigeadh go raibh an sclábhaíocht éigeart ó thaobh na moráltachta de, etc.

Tabhair ar aird: Glac le freagraí tuairisciúla.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
30 > 26	25 > 21	20 > 17	16 > 12	11 > 8	7 > 3	2 > 0	30M

AONAD A TRÍ

NÍ MÓR DUIT CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCENE Freagair a) agus b).

- 3 E a)** ● AN BHI THEOLAÍOCHT ● AN FHEALSÚNACHT
● AN tSÍCEOLAÍOCHT ● AN tSOCHEOLAÍOCHT

Tabhair breac-chuntas ar conas a bhí tionchar ag ceann amháin díobh seo thuas ar na hathruithe atá tar éis teacht ar ról na bhfear agus na mban i sochaí an lae inniu.

40M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar inscne agus ar an tsochaí trí eolas cruinn a leagan amach faoi shlí amháin a raibh tionchar ag an mBitheolaíocht nó ag an bhFealsúnacht nó ag an tSíceolaíocht nó ag an tSocheolaíocht ar na hathruithe atá tar éis teacht ar ról na bhfear agus na mban i sochaí an lae inniu.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- An Bhitheolaíocht – athrú ar ról na bhfear mar fhiagaithe cnuasaitheoirí agus ar ról na mban i dtógáil páistí, etc.
- An Fhealsúnacht – agus an cheist, 'cad is ciall le bheith i do dhuine?', á freagairt, déantar breithniú san fhealsúnacht ar cad is ciall le bheith i d'fhear nó i do bhean agus an comhionannas á phlé, etc.
- An tSíceolaíocht – fuarthas amach i dtástáil síceolaíochta nua a dhíríonn ar mhná agus ar fhir araon nach mar a chéile forbairt na mban agus forbairt na bhfear, etc.
- An tSocheolaíocht – Léirítear i dtaighde go n-imríonn an timpeallacht ina bhfoghlaimíonn daoine conas idirbheartaíocht le daoine eile tionchar orthu; d'éascaigh an t-athrú i ról inscne níos mó comhpháirtíochta idir na hinscní etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
40 > 34	33 > 28	27 > 22	21 > 16	15 > 10	9 > 4	3 > 0	40M

- 3 E b)** ● BUNAITHEOIRÍ & LEASAITHEOIRÍ NA nORD RIALTA ● SCRÍBHNEOIRÍ REILIGIÚNACHA
● LEASAITHEOIRÍ SÓISIALTA ● SMAOINTEOIRÍ SPIORADÁLTA

Roghnaigh bean amháin i gceann ar bith de na catagóirí thuas agus tabhair breac-chuntas ar scéal a beatha faoi gach ceann de na ceanteidil seo a leanas.

i. Na príomhléargais/príomhghníomhartha dá cuid. 20M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an méid a chuir bean le forbairt an traidisiúin reiligiúnaigh trí eolas cruinn a leagan amach ar phríomhléargais/príomhghníomhartha a fheictear i scéal saol mná amháin ó cheann ar bith de na catagóirí atá liostaithe sa cheist, le muintir a linne.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

- BUNAITHEOIRÍ ORD RIALTA e.g. Bhí uafás ar Nano Nagle mar gheall ar an gcaoi ar caitheadh le daoine bochta in Éirinn agus thug sí a saol do chuidiú le daoine bochta a linne trí oideachas agus ord rialta a bhunú etc.
- SCRÍBHNEOIRÍ REILIGIÚNACHA e.g. Chuidigh léargas Treasa d'Avila sna tairbhí a bhain le paidreoireacht chiúin léi machnamh a fhorbairt mar fhoirm paidreoireachta, ar thug sí breac-chuntas orthu ina scríobh reiligiúnach – Leabhar na Beatha, an Caisleán Inmheánach agus Bealach na Foirfeachta, rudaí a mheastar a bheith i measc na smaointe spioradálta is fearr de chuid na hEaglaise etc.
- LEASAITHEOIRÍ SÓISIALTA e.g. Chonaic Dorothy Day Dia mar chroílár a saoil. Bhunaigh sí tithe do na boicht agus chónaigh sí i ndlúthpháirtíocht leo etc.

- SMAOINTEOIRÍ SPIORADÁLTA e.g. Thug Naomh Caitríona de Siena aire do dhaoine breoite agus d'oibrigh sí chun peacaigh a thiontú; spreag sí muintir a linne le smaoineamh faoi Dhia etc.

Códaigh MC san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

<i>Sármhaith</i>	<i>An-mhaith</i>	<i>Maith</i>	<i>Réasúnta</i>	<i>Lag</i>			<i>Marcanna</i>
20 > 17	16 > 14	13 > 11	10 > 8	7 > 5	4 > 2	1 > 0	20M

ii. An creideamh/tiomantas a bhí aici. 20M

Critéir Mharcála

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an méid a chuir bean le forbairt an traidisiúin reiligiúnaigh trí eolas cruinn a leagan amach ar an gcaoi ar féidir creideamh/tiomantas a fheiceáil i scéal saoil mná amháin ó cheann ar bith de na catagóirí liostaithe sa cheist.

Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann

